# An Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt Eagraíochtúil Boird

## Téarmaí Tagartha

## 1. Comhdhéanamh an Choiste um Fheidhmíocht agus Forbairt Eagraíochtúil (an Coiste)

Beidh comhdhéanamh comhpháirteach Boird/Bainistíochta ag an gCoiste agus gur cheart a Théarmaí Tagartha a tharraingt chun tacú le ról ceannais an POF i gceannaireacht eagraíochta agus i mbainistíocht acmhainní daonna gaolmhara.

Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste um Fheidhmíocht agus Forbairt Eagraíochtúil rothlú idir comhaltaí an Choiste mura gceapann an Bord cathaoirleach.

Ceathrar ball den Choiste a bheidh mar chóram do chruinnithe an Choiste, i láthair go pearsanta/go cianda trí Microsoft Teams. Ba chóir go mbeadh beirt Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ball amháin den lucht Bainistíochta i láthair ag cruinnithe.

## 2. Minicíocht na gcruinnithe

Moltar go dtionólfaí dhá chruinniú ar a laghad den Choiste gach bliain.

## 3. Údarás

Tá an Coiste údaraithe ag an mBord chun aon ghníomhaíocht a bhreithniú laistigh dá théarmaí tagartha. Tá dualgais mhionsonraithe an Choiste leagtha amach i mír 4 thíos.

Ní mór do chomhaltaí aonair an Choiste aird ar leith a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa (nó coinbhleachtaí féideartha) a sheachaint agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Má thagann coinbhleacht fhéideartha chun cinn, ba cheart an Coiste a chur ar an eolas.

Is féidir leis an gCoiste, le faomhadh ón mBord, comhairle ghairmiúil neamhspleách lasmuigh a fháil agus freastal sainchomhairleoirí a bhfuil taithí agus saineolas ábhartha acu a dhaingniú, má mheasann sé go bhfuil gá leis sin.

Ní tuigfear rún ar bith do rith ag aon chruinniú den Choiste maran rud é go mbeidh gach ball den Choiste a bheidh i láthair ag an gcruinniú san tar éis vótáil i bhfabhar na rún san.

Beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha Airteagal 95 de Bhunreacht GAT (a bhaineann le rúin i scríbhinn).

## 4. Dualgais

Is iad seo a leanas dualgais an Choiste:

i. A chinntiú go bhfuil clár oibre an Choiste stiúrtha ag Straitéis *GAT 2026* agus dírithe ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt eagraíochtúil.
ii. Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht athruithe eagraíochtúla, (an Bord agus an fhoireann Bainistíochta Sinsearaí) trína chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an mBord agus ag an bhfoireann, go bhfuil siad oilte go maith, inniúil agus go bhfuil siad in ann freastal ar riachtanais eagraíochtúla.
iii. Deimhniú a thabhairt go bhfuil próisis chomharbais i bhfeidhm chun aistrithe rianúla a chinntiú don Bhord agus don fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, agus do phríomhróil eile.
iv. Measúnú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird féin agus ar fheidhmíocht a choistí (próiseas le ceapadh agus le comhaontú)
v. Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair agus ar fheidhmíocht na foirne Bainistíochta Sinsearaí (mol POF, Ceann an Chisteáin agus Rúnaí na Cuideachta)
vi. Próiseas a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht POF a mheas (próiseas le ceapadh agus le comhaontú)
vii. Meastóireacht sheachtrach ar an GAT a threorú gach 3 bliana ar a laghad i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
viii. Breithniú agus tuairisciú a dhéanamh, don Bhord, ar cibé ábhair ghaolmhara a chuirfidh an Bord faoina bhráid ó am go ham.
ix. Tuairisciú don Bhord ar an gcaoi ar chomhlíon sé a chuid freagrachtaí.
x. Athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin ar bhonn bliantúil.

## 5. Nósanna imeachta tuairiscithe

Ba chóir do Rúnaí an Choiste miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar gach ball den Choiste agus ar an mBord, ag an gcéad chruinniú Boird eile. Foilsíonn an Bord ainmneacha chomhaltaí an Choiste um Fheidhmíocht agus Forbairt Eagraíochtúil i dTuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an GAT.